

Seol Grá leis An Post

Scríobh chuig Duine éigin i
dTeach Altranais nó Cúraim



Thar aon uair eile, tá sé tábhachtach dúinn anois ár mbá a thaispeáint dár dteaghlach, dár gcairde agus dár bpobal.



Ní féidir le roinnt mhaith daoine atá ina gcónaí i dtithe altranais nó cúraim ar fud na hÉireann a gcairde ná a dteaghlach a fheiceáil faoi láthair. Is féidir roinn sonais a scaipeadh agus Grá a Sheoladh trí litir chineálta a scríobh lena gcroí a thógáil.



Mar chuid dár dTogra Fócas Pobail, cabhróidh An Post leat Grá a Sheoladh chuig daoine i do phobal trí gach cárta agus litir a phostáiltear chuig daoine a chónaíonn i dtithe altranais agus cúraim a sheachadadh saor in aisce.

Scríobh SAORPHOST ar an taobh dheis uachtair den litir, mar a gcuirtear stampa de ghnáth. Iompróidh An Post cártaí, litreacha, clúdaigh mhóra agus paicéid a mheánn suas le 2KG gan stampa poist!



Cá dtosóidh mé?

1. Iarr ar dhuine éigin sa bhaile cabhrú leat teach altranais nó cúraim a roghnú.
2. Scríobh síos an t-ainm agus an seoladh. Beidh sé seo ag teastáil uait níos déanaí.
3. Faigh páipéar agus peann/peann luaidhe!



Cad a chuirfidh mé i mo litir?

D'fhéadfadh sé a bheith aisteach ar dtús scríobh chuig daoine nár bhuail tú leo cheana. Teastaíonn uait:

- A insint dóibh cé tú féin agus cén fáth go bhfuil tú ag scríobh.
- Beagán eolais a thabhairt fút féin: cén aois atá tú agus cad iad na rudaí a bhfuil suim agat iontu.
- Roinnt ceisteanna a chur orthu. Cad ba mhaith leat a fháil amach? Rud éigin simplí b'fhéidir, cad iad na rudaí is fearr leat a dhéanamh mar shampla
- Abair leo gur mhaith leat freagra a fháil uathu.
- Is féidir leat pictiúir a tharraingt ar do litir más maith leat!





A chara,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith agus slán sábháilte Rónán is ainm dom agus tá mé naoi mbliana d'aois. Tá mé ag scríobh chugat chun heileo a rá agus aithne a chur ort. Is maith liom damhsa, súgradh amuigh faoin aer, agus coimicí a léamh. Cén chaitheamh aimsire atá agat féin?

Is dóigh liom go bhfuil an bhliain seo fíor-aisteach. Tá uaigneas orm gan mo chairde ach tá a lán rudaí nua foghlamtha agam. Déanaim mo chluichí boird féin agus is mór an spórt iad. Tá súil agam go bhfuil bealaí faighte agat féin le bheith gnóthach chomh maith. Go raibh maith agat as é seo a léamh agus tá súil agam go bhfanfaidh tú slán.

Le meas,

Rónán Ó Cearbhail

Beannacht: Le haghaidh litir phearsanta mar seo, is leor 'A Chara' a úsáid. **Ná dearmad ceannlitir agus camóg**

Corp: Cuir eang le gach alt

Dúnadh: Is féidir leat 'Le Meas', 'Do chara' nó a leithéid a úsáid.

D'ainm

Rónán Ó Cearbhail,
135 Cnoc na mBláth,
An Uaimh,
Co. na Mí
A11 P111

Stampa

Aíonna, Teach Altranais
na Maoildeirge,
Bóthar Shláine,
Co. na Mí
A22 P222

Má tá litir nó cárta á sheoladh agat chuig teach altranais nó cúraim in Éirinn, scríobh **SAORPHOST** anseo in ionad stampra a ghreamú air!

Seoladh Fillte:

D'ainm,
Seoladh Sráide, Uimhir an tí,
Baile nó Cathair,
Contae,
Éirchód

Seoladh Seachadta:

Ainm an Duine,
Seoladh Sráide, Uimhir an tí,
Baile nó Cathair,
Contae,
Éirchód

